



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2016
(OR. en)

EUCO 34/16

CO EUR 10
CONCL 5

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Cruinniú den Chomhairle Eorpach (15 Nollaig 2016)
– Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcrúinniú thuasluaite.

I. AN IMIRCE

An ghné sheachtrach

1. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí i mí Dheireadh Fómhair maidir le bealach na Meánmhara Thoir. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta don ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcuirfí gach gné chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach. Déanann sí athnuachan ar an ngealltanais a thug sí go leanfadh sí de bheith ag tacú leis na tíortha atá ar bhealach na mBalcán Thiar. Formhuiníonn sí an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach maidir le cur chun feidhme an ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, a d’ullmhaigh an Ghréig agus an Coimisiún, agus is díol sásaimh di gur ghlac an Ghréig na chéad chéimeanna cheana féin i dtreo a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit go léir a áirithiú go ndéanfar an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach a chur chun feidhme go pras.
2. Is tábhachtach an uirlis é an Creat nua Comhpháirtíochta comhair, chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhdhleathach agus ar na bunchúiseanna atá léi, go mór mór maidir le bealach na Meánmhara Láir. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na gcomhshocruithe le cúig thír thionscnaimh nó idirthurais de chuid na hAfraice agus an úinéireacht mhéadaitheach atá á glacadh ar na comhshocruithe sin sna tíortha comhpháirtíochta. I bhfianaise na taithí sin, d’fhéadfaí a shamhlú go mbeadh comhshocruithe breise nó cineálacha eile comhair ann amach anseo, ag brath ar na hacmhainní a bheadh ar fáil. Ba cheart cuspóirí an Chreata Comhpháirtíochta a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí an Mheithimh seo caite, ba cheart iad a phríomhshruthú isteach i mbeartais sheachtracha agus ionstraimí seachtracha eile de chuid an Aontais agus de chuid Bhallstáit an Aontais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit leanúint lena rannpháirtíocht faoin gCreat Comhpháirtíochta agus dlús a chur léi agus coimeádfaidh sí súil ghéar ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le srian a chur ar na sreabha imirce agus feabhas a chur ar na rátaí fillte.
3. D’fhonn treisiú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Vaileite agus an Chreata Comhpháirtíochta, ba cheart an reachtaíocht ábhartha a ghlacadh go beo, anois agus an Chomhairle tagtha ar chomhaontú maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe agus maidir le sainordú iasachtaithe sheachtrach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI). I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil BEI tosaithe ar an tionscnamh athléimneachta le haghaidh na mBalcán Thiar agus Chomharsanacht an Deiscirt a chur chun feidhme.

4. Áitíonn an Chomhairle Eorpach go tréan gur gá feabhas a chur ar an tacaíocht atá á tabhairt do gharda cósta na Libia, lena n-áirítear trí oibríocht EUNAVFOR MED Sophia, ionas gur mó an cumas a bheidh ann an bás ar muir a chosc agus samhail ghnó na smuigléirí a bhriseadh. Ba cheart tionscnaimh a dhéanamh san am céanna chun deiseanna i leith filleadh deonach cuidithe a thabhairt d'imircigh atá sáinnithe sa Libia agus chun srian a chur le turais chontúirteacha.
5. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go gcuirfí acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) agus don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach. Is díol sásaimh di go dtosóidh EASO ar fhoireann dhúthrachtach a earcú chun acmhainneacht chobhsaí, inbhuanaithe a áirithiú. Athdhearbhaíonn sí freisin an gá a bheith airdeallach ar na bealaí eile i gcónaí, ar a n-áirítear sa Mheánmhuir Thiar, ionas go mbeifear in ann gníomhú go gasta de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí.

An ghné inmheánach

6. Is cuspóir comhpháirteach fós é prionsabal na freagrachta agus prionsabal na dlúthpháirtíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Leis na hiarrachtaí leanúnacha a rinneadh le cúpla mí anuas athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, taispeánadh go raibh roinnt réimsí cóineasaithe ann, cé go bhfuil obair fós le déanamh ar réimsí eile. Ag tógáil ar an obair seo, iarrtar ar an gComhairle leanúint den phróiseas le go dtiocfar ar chomhthoil maidir le beartas tearmainn an Aontais le linn na hUachtaránachta nua.
7. Ba cheart do na Ballstáit a n-iarrachtaí a threisiú tuilleadh chun dlús a chur leis an athshocrú, go háirithe i gcás mionaóisigh gan tionlacan, agus i gcás na scéimeanna athshocraíochta atá ann cheana.¹

¹ Ní dochar an méid sin do sheasamh na hUngáire agus na Slóvaice, mar a cuireadh i láthair é sna himeachtaí Cúirte a seoladh maidir le Cinneadh Uimh. 2015/1601 ón gComhairle, ná ní dochar é do sheasamh na Polainne, atá tar éis idirghabháil a dhéanamh chun tacú leis na hiarrthóirí.

II. SLÁNDÁIL

Slándáil inmheánach

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta do chur chun feidhme Straitéis Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh do 2015-2020. Is suntasach an chéim é an comhaontú polaitiúil idir na comhreachtóirí i ndáil leis an Treoir maidir le Frithsceimhlitheoireacht agus ba cheart go ndéanfaí, sna sála ar an gcomhaontú, an togra maidir le hairm thine agus an togra maidir le sciúradh airgid a ghlacadh agus reachtaíocht nua maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh comhar éifeachtach ann le soláthraithe seirbhíse leictreonaí atá bunaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de.
9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le Cód athbhreithnithe Teorainneacha Schengen lena ndéantar rialuithe córasacha a fhorfheidhmiú ar na taistealaithe go léir a théann thar teorainneacha seachtracha an Aontais agus iarrann sí go gcuirfidh na Ballstáit chun feidhme go gasta é, agus staideanna sonracha roinnt Ballstát á gcur san áireamh. Ba cheart do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú faoi mhí an Mheithimh 2017 maidir leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus faoi dheireadh 2017 maidir le Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil chun a áirithiú go ndéanfar scagadh córasach ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa a bheith acu. Iarrtar freisin go leanfaí d'idir-inoibritheacht a chur ar fáil maidir le córais faisnéise agus bunachair shonraí.

Slándáil sheachtrach agus cosaint

10. Caithfidh muintir na hEorpa freagracht níos mó as a slándáil a ghlacadh uirthi féin. D'fhonn slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú i dtimpeallacht gheopholaitiúil dhúshlánach agus chun cosaint níos fearr a thabhairt dá saoránaigh, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth, agus na gealltanais a thug sí roimhe seo i ndáil leis sin á ndearbhú aici, gur gá níos mó a dhéanamh, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha breise a thiomnú agus imthosca náisiúnta agus gealltanais dhlíthiúla á gcur san áireamh. I gcás na mBallstát sin ar baill de ECAT iad chomh maith, tá sin i gcomhréir le treoirlínte ECAT maidir le caiteachas cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí comhar a atreisiú agus na cumais a theastaíonn á bhforbairt, agus iarrann sí go dtabharfaí gealltanais go gcuirfear na cumais sin ar fáil nuair is gá. Caithfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit a bheith in ann rannchuidiú go diongbháilte le hiarrachtaí comhchoiteanna mar aon le gníomhú as a gconlán féin i gcás inar gá, agus, i gcás inar féidir, le comhpháirtithe. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil le hathbhreithniú cuimsitheach ar shásra Athena, faoi dheireadh 2017.

11. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle ar an 14 Samhain agus ar an 17 Deireadh Fómhair 2016 maidir le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta, ar straitéis í ina leagtar amach leibhéal uailmhéine an Aontais. Tathantaíonn sí ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit an obair leantach a dhéanamh go cuimsitheach. Go háirithe, i dtaca leis na conclúidí ón gComhairle, cuirfidh an tArdionadaí tograí i láthair sna míonna atá amach romhainn maidir leis an méid seo a leanas: cumais sibhialtach a fhorbairt, na paraiméadair a bhainfidh le hAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar an gCosaint arna spreagadh ag na Ballstáit, an próiseas forbartha cumas míleata agus aird á tabhairt ar thaighde agus teicneolaíocht (R&T) agus ar ghnéithe tionsclaíocha, buanchumas pleanála agus déanta oibríochta a bhunú ar an leibhéal straitéiseach, ábharthacht, inúsáidteacht agus in-imscarthacht bhosca uirlisí an Aontais don mhearfhreagairt a neartú, gnéithe agus roghanna le haghaidh buanchomhar struchtúrtha bunaithe ar chur chuige modúlach agus ar achoimre a thabhairt ar thionscail a bhféadfaí tabhairt fúthu, agus riachtanais uile an fhothaithe acmhainní don tslándaíl agus don fhorbairt (CBSD) a chumhdach. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí oibriú go pras i ndáil leis an togra ón gCoimisiún maidir le CBSD d'fhonn teacht ar chomhaontú sa chéad leath de 2017.
12. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na tograí ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint arb é rannchuidiú an Choimisiúin é i ndáil le beartas slándála agus cosanta Eorpach, agus é á chur i bhfáth aici a thábhachtaí atá sé go mbeadh na Ballstáit lánpháirteach, agus iarrann sí ar na gníomhaithe ábhartha brú ar aghaidh leis an obair. Iarrtar ar an gComhairle scrúdú pras a dhéanamh ar na tograí ábhartha ón gCoimisiún. Iarrtar ar BEI céimeanna a scrúdú d'fhonn tacú le hinfheistíochtaí sa taighde ar an gcosaint agus i ngníomhaíochtaí forbartha. Iarrtar ar an gCoimisiún chomh maith tograí a dhéanamh sa chéad seimeastar de 2017 maidir le ciste Eorpach cosanta a bhunú, ciste ina bhforálfáí d'fhorbairt chomhpháirteach cumas a dtiocfaidh na Ballstáit ar chomhaontú comhchoiteann maidir leo.
13. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí go beo faoi obair leantach ar na conclúidí a ghlac an Chomhairle ar an 6 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Dearbhú Comhpháirteach a shínigh ceannairí an Aontais agus ceannairí ECAT i Vársá, agus an dúbláil á seachaint agus an chomhlántacht á háirithiú idir an tAontas agus ECAT, a mhéid a bhaineann le bagairtí hibrideacha, saincheisteanna muirí, an chibearshlándaíl, cumarsáid straitéiseach, cumais chosanta, an tionscal cosanta agus taighde cosanta, freachnaimh, agus fothú acmhainní cosanta agus slándála.

14. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbrúfaí ar aghaidh go gasta leis an obair ar shlándáil sheachtrach agus ar chosaint agus iarrann sí ar an gComhairle tuairisc a thabhairt i mí an Mhárta le go bhféadfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Tabharfaidh sí treoir straitéiseach bhreise i mí an Mheithimh.
15. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach na saincheisteanna a bhaineann le slándáil agus cosaint ar an gelár oibre, d'fhonn measúnú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn agus d'fhonn tosaíochtaí iomchuí straitéiseacha agus polaitiúla a mheas, ar an mbonn sin.

III. FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA, AN tAOS ÓG

16. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air sa Chomhairle maidir le síneadh a chur leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), síneadh ba cheart a ghlacfadh na comhreachtóirí sa chéad leath de 2017. Tugann sí dá haire freisin go bhfuil an Chomhairle réidh anois dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa maidir le nuachóiriú na nIonstraimí Cosanta Trádála.
17. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá straitéisí éagsúla an mhargaidh aonair agus an t-aontas fuinnimh, ar cheart iad a chomhlánú agus a chur chun feidhme faoi 2018. Caithfear, faoin am sin, príomh-shaincheisteanna áirithe a réiteach.² Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus áitíonn sí ar na hinstiúidí uile cur leis an móiminteam seo agus leibhéal na huailmhéine a chrochadh suas tuilleadh, go mór mór i réimsí fíorthábhachtacha seirbhísí agus an mhargaidh aonair dhigitigh, roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta 2017. Iarrann sí go mbainfí na bacainní atá fágtha laistigh den mhargadh aonair, lena n-áirítear iad siúd a chuireann isteach ar shaorsreabhadh sonraí.
18. Iarrann an Chomhairle Eorpach go leanfaí ar aghaidh leis an ráthaíocht don aos óg agus is díol sásaimh di go bhfuil méadú tagtha ar an tacaíocht don tionscnamh fostaíochta don aos óg. Iarrann sí chomh maith go mbrúfaí ar aghaidh leis an obair ar na tionscnaimh a tháinig ón gCoimisiún le gairid atá dírithe ar an aos óg, lena n-áirítear iad siúd ar shoghluaisteacht, oideachas, forbairt scileanna agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.
19. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'imreofaí trí bheartas tionsclaíoch a phríomhshruthú i dtionscnaimh straitéiseacha an Aontais agus iarrann sí orthu féachaint ar ghníomhaíocht nithiúil chun bonn tionsclaíoch an mhargaidh aonair a neartú agus a nuachóiriú.

² I gcás na Polainne, ciallaíonn seo, inter alia, go mbeadh an tsaoirse aici a meascán fuinnimh a chinneadh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú.

20. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá ann an t-aontas baincéireachta a chomhlánú i dtaobh rioscaí a laghdú agus a roinnt san earnáil airgeadais, san ord cuí, mar a leagtar amach i gconclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016 maidir le treo-chlár chun na críche sin. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú pras a dhéanamh ar na tograí a tháinig ón gCoimisiún le deireanas maidir le hathléimneacht a mhéadú san earnáil airgeadais.

IV. AN CHIPIR

21. Tar éis d'Uachtarán Phoblacht na Cipire cur i láthair a dhéanamh maidir leis an gcaibidlíocht ar shocrúchán i ndáil leis an gCipir, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí leis an bpróiseas atá ar siúl faoi láthair le haghaidh athaontú na Cipire. Agus é á chur san áireamh aige gur ball dár nAontas í an Chipir agus gur ball a bheidh inti i gcónaí tar éis an tSocrúcháin, tá an tAontas réidh le páirt a ghlacadh ag Comhdháil na Ginéive maidir leis an gCipir ar an 12 Eanáir 2017.

V. CAIDREAMH SEACHTRACH

An Úcráin

22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta don dlí idirnáisiúnta agus d'iomláine chríochach na hÚcráine agus do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, lena n-áirítear limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála a bhunú. Is é is aidhm do chomhaontuithe comhlachais tacú le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag díriú ar a bheith ina dtíortha daonlathacha cobhsaí rathúla, agus léiriú a thabhairt ar an tábhacht straitéiseach agus gheopholaitiúil a bhaineann leis an gcomhthéacs réigiúnach don Aontas Eorpach. Mar sin, is cuspóir fíorthábhachtach don Aontas i gcónaí é bailchríoch a chur ar an bpróiseas daingniúcháin.
23. Maidir leis an toradh a bhí ar reifreann na hÍsiltíre ar an 6 Aibreán 2016 faoin mbille lenar formheasadh an Comhaontú Comhlachais agus maidir leis na hábhair inní a nochtadh sula raibh an reifreann ann, mar a chuir Príomh-Aire na hÍsiltíre in iúl iad, tar éis di iad sin a thabhairt dá haire go cáiréiseach, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire Cinneadh ó Chinn Stáit nó Rialtais 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí (Iarscríbhinn), lena dtugtar aghaidh ar na hábhair inní sin i gcomhréir go hiomlán leis an gComhaontú Comhlachais agus le conarthaí an Aontais Eorpaigh.

24. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil an Cinneadh a leagtar amach san Iarscríbhinn ceangailteach ó thaobh dlí ar 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh agus gurb iad na Cinn Stáit nó Rialtais amháin de thoil a chéile, a fhéadfaidh é a leasú nó a aisghairm. Gabhfaidh éifeacht leis nuair a bheidh an comhaontú daingnithe ag Ríocht na hÍsiltíre agus tugtha i gcrích ag an Aontas. Mura ndéanfar an méid sin, tiocfaidh deireadh leis an gCinneadh.
25. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na torthaí a bhí ar an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a bhí ann ar an 24 Samhain 2016 agus cuireann sí in iúl go láidir go bhfuil cinneadh fós ag an Aontas a chaidreamh leis an Úcráin a dhoimhniú agus a neartú i bhfianaise na ndúshlán reatha. Aithníonn sí an méid atá bainte amach ag an Úcráin i dtaobh athchóirithe a chur chun feidhme chun cloí le caighdeáin Eorpacha agus aithníonn sí gur chomhlíon an Úcráin na coinníollacha do chóras saor ó víosa laistigh den Aontas. I dtaca le sásra stóinsiúil fionraíochta a ghlacadh, iarrtar ar na comhrechtóirí bailchríoch a chur ar an nós imeachta lena mbainfear ceanglais víosaí don Úcráin agus don tSeoirsia.

An tSiria

26. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an fogha atá fós á thabhairt faoi Aleppo ag réimeas na Siria agus ag a chomhghuaillithe, an Rúis agus an Iaráin ach go háirithe, lena n-áirítear an cruinnaimsiú tomhaiste ar shibhialtaigh agus ar ospidéal. Iarrann an Chomhairle Eorpach mar ábhar práinne ar an réimeas agus ar an Rúis, agus ar na páirtithe uile i gcoinbhleacht na Siria na ceithre bheart éigeandála seo a leanas a chur chun feidhme láithreach:
- a) muintir oirthear Aleppo a aslonnú go sábháilte agus le dínit faoi mhaoirseacht agus faoi chomhordú na Náisiún Aontaithe go dtí an ceann scríbe is rogha leo. Is gá comhaltaí den chosaint shibhialta agus den riarachán sibhialta a aslonnú gan bhac freisin faoi mhaoirseacht na Náisiún Aontaithe. Ba cheart na daoine is measa atá gortaithe a aslonnú ar dtús;
 - b) cabhair agus cosaint a thabhairt láithreach agus gan choinníoll do mhuintir uile oirthear Aleppo, agus sin a dhéanamh gan idirdhealú agus i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus rochtain iomlán, gan bhac ar an láthair a ráthú do na Náisiún Aontaithe agus dá gcomhpháirtithe chun earraí bunriachtanacha agus cúram sláinte éigeandála a sholáthar don tSiria ina hiomláine, faoi mar a fhoráiltear i Rún 2258 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

- c) fíorchosaint a thabhairt do phearsanra agus do shaoráidí leighis ar fud na tíre, i gcomhréir le Rún 2286 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe do na hospidéal in Atmeh, Darkoush, Bab Al Hawa agus Bab Al Salamah atá ar an teorainn;
- d) is gá an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ní amháin in oirthear Aleppo ach ar fud na tíre agus go háirithe sna limistéir sin uile inar cuireadh sibhialtaigh faoi léigear.

Is é an tAontas is mó a thugann tacaíocht dhaonnúil do mhuintir na Siria agus leanfaidh sé d'oibriú chun na spriocanna sin a bhaint amach.

27. Ní mór scor den chogaíocht sa tSiria láithreach. Oibreoidh an tAontas ar bhonn cuiditheach leis na comhpháirtithe uile, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, i dtreo aistriú a bhaint amach, mar a comhaontaíodh i Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí leanúint den rannpháirtíocht dhíreach atá ar bun aici leis na páirtithe leasmhara uile. Ní mór iad siúd atá freagrach as sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta, agus d'fhéadfadh sé gurb ionann cuid acu agus coireanna cogaidh, ní mór iad a thabhairt chun cuntais. Tá an tAontas ag féachaint ar na roghanna uile atá ar fáil. Ní thabharfaidh an tAontas tacaíocht d'atógáil na Siria go dtí go mbeidh aistriú inchreidte polaitiúil faoi lánseol.

Cinneadh ó Chinn Stáit nó Rialtas 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí maidir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile

Tá Cinn Stáit nó Rialtais 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ar shínigh a rialtais an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Chomhphobal Eorpach d’Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile (‘an Comhaontú’),

Agus toradh an reifrinn san Ísiltír ar an 6 Aibreán i ndáil leis an mbille chun an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a fhorpheas á thabhairt dá n-aire acu, mar aon leis na hábhair inní a chuir Príomh-Aire Ríocht na hÍsiltíre in iúl roimh an reifreann,

Agus ós mian leo aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin i lán-chomhréir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin agus le conarthaí an Aontais Eorpaigh, agus ar aon dul leis an gcuspóir atá ag an Aontas go ndéanfaí an caidreamh leis an Úcráin a dhoimhniú,

Ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2016,

Tar éis a chinneadh an méid seo thíos a ghlacadh, a bhfuil chomhthuiscint acu air, agus a mbeidh éifeacht aige nuair a bheidh an Comhaontú daingnithe ag Ríocht na hÍsiltíre agus tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach:

A

Cé go ndírítear leis an gcomhaontú ar ghaol dlúth agus marthanach a bhunú idir na páirtithe don Chomhaontú bunaithe ar luachanna comhchoiteanna, ní thugann sé stádas mar thír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas don Úcráin, ná ní hionann é agus gealltanais stádas den sórt sin a thabhairt don Úcráin amach anseo.

B

Leis an gComhaontú, dearbhaítear go mbeidh comhar ann leis an Úcráin i réimsí na slándála, go háirithe i dtaca le coinbhleachtaí a chosc, bainistiú géarchéime agus neamhleathadh arm ollscriosta. Níl aon oibleagáid ar an Aontas ná ar a chuid Ballstát ráthaíochtaí chomhpháirteacha slándála nó cúnamh míleata eile nó cabhair eile a chur ar fáil don Úcráin.

C

Cé go leagtar amach mar chuspóir sa Chomhaontú go gcuirfí feabhas ar shoghluaisteacht na saoránach, ní thugtar do náisiúnaigh na hÚcráine ná do shaoránaigh an Aontais go mbeadh sé de cheart acu cónaí agus oibriú de réir a méine laistigh de chríoch na mBallstát ná na hÚcráine. Ní dhéanann an Comhaontú aon difear do cheart na mBallstát a chinneadh líon na náisiúnach Úcránach a ligfeadh isteach ina gcric chun obair a chuardach, bíodh siad fostaithe nó féinfhostaithe.

D

Athdhearbhaítear sa Chomhaontú gealltanais an Aontais ó thaobh tacú le próiseas an athchóirithe san Úcráin. Ní cheanglaítear leis an gComhaontú go dtabharfaidh na Ballstáit tacaíocht bhreise airgeadais don Úcráin, ná ní athraítear an ceart eisiach atá ag gach Ballstát cineál agus méid a chuid tacaíochta déthaobhaí airgeadais a chinneadh.

E

Is dlúthchuid é an comhrac in aghaidh an éillithe d'fheabhas a chur ar an gcaidreamh idir Páirtithe an Chomhaontaithe. Faoin gComhaontú, comhoibreoidh na Páirtithe chun an t-éilliú a chomhrac agus a chosc san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon. Leis an gcomhar idir na Páirtithe i réimse an smachta reachta, féachtar go háirithe leis na breithiúna a neartú, feabhas a chur ar a gcuid éifeachtúlachta, a gcuid neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a chosaint, agus an t-éilliú a chomhrac.

F

Is gnéithe bunriachtanacha den Chomhaontú iad urraim do phrionsabail an daonlathais, cearta an duine agus na bunsaoirsí agus urraim do phrionsabal an smachta reachta, lena n-áirítear dá dtagraítear faoi E. Beidh sé de cheanglas ar na Páirtithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú, agus déanfar faireachán ar an gcur chun feidhme agus ar an bhforfheidhmiú. I gcomhréir le hAirteagal 478 den Chomhaontú, féadfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh i gcás nach mbeidh oibleagáidí á gcomhlíonadh. Agus bearta iomchuí á roghnú, tabharfar tosaíocht dóibh siúd ar lú a dtionchar ar fheidhmiú an Chomhaontaithe. D'fheádfadh sé, mar rogha dheiridh, go n-áiritheofaí ar na bearta iomchuí sin go gcuirfí ar fionraí cearta nó oibleagáidí dá bhforáiltear le forálacha an Chomhaontaithe.
